RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1911 ÓN gCOIMISIÚN

an 27 Deireadh Fómhair 2021

lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 a mhéid a bhaineann le stádas saor ó ghalair Chomhphobal Uathrialach na Gailíse agus Chomhphobal Uathrialach Principado de Asturias sa Spáinn ó ionfhabhtú coimpléasc *Mycobacterium tuberculosis*, lena leasaítear Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis a mhéid a bhaineann le stádas saor ó ghalair Chomhphobal Uathrialach Islas Baleares, chúigí Huelva agus Sevilla agus réigiúin Azuaga, Badajoz, Merida, Jerez de los Caballeros agus Zafra i gcúige Badajoz sa Spáinn agus réigiún Alentejo agus cheantar Santarém i réigiún Lisboa e Vale do Tejo sa Phortaingéil ó ionfhabhtú an víris ghormtheanga, lena leasaítear Iarscríbhinn IX a ghabhann leis a mhéid a bhaineann le stádas saor ó ghalair Oileán Åland san Fhionlainn maidir le fíniú *Varroa* spp agus lena leasaítear Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis a mhéid a bhaineann le stádas saor ó ghalair na Danmhairge agus na Fionlainne maidir le Neacróis fhuilghinte ionfhabhtaíoch

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ("An Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe") ([1]), agus go háirithe Airteagal 36(4) agus Airteagal 42(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2016/429 leagtar síos rialacha sonracha maidir le galair i ndáil leis na galair a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 5(1) de, leagtar síos an chaoi a gcuirfear na rialacha sin i bhfeidhm i gcás catagóirí éagsúla galar liostaithe agus déantar foráil freisin maidir le stádas saor ó ghalair na mBallstát nó criosanna díobh a fhormheas nó a aistarraingt ag an gCoimisiún a mhéid a bhaineann le galair áirithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointe (b) agus pointe (c), de.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún ([2]), déantar forlíonadh ar Rialachán (AE) 2016/429 agus leagtar síos na coinníollacha maidir le stádas saor ó ghalair a dheonú, a choinneáil ar bun, a chur ar fionraí agus a tharraingt siar.

(3) Sna hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 ón gCoimisiún ([3]), liostaítear na Ballstáit nó criosanna díobh a bhfuil stádas saor ó ghalair acu. I measc criosanna eile, liostaítear ann criosanna atá saor ó ionfhabhtú coimpléasc *Mycobacterium tuberculosis* (*Mycobacterium bovis, M.caprae agus M. tuberculosis*) (MTBC) in Iarscríbhinn II, Cuid I, a ghabhann leis, criosanna atá saor ó ionfhabhtú víris gormtheanga (séiritíopaí 1-24) (ionfhabhtú BTV) in Iarscríbhinn VIII, Cuid I, a ghabhann leis, criosanna atá saor ó fhíniú *Varroa* spp. in Iarscríbhinn IX a ghabhann leis agus criosanna nó urranna a bhfuil stádas saor ó ghalair acu maidir le Neacróis fhuilghinte ionfhabhtaíoch (IHN) in Iarscríbhinn XIII, Cuid I, a ghabhann leis.

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le faireachas, cláir dhíothaithe agus stádas saor ó ghalair do ghalair áirithe atá liostaithe agus ag teacht chun cinn (IO L 174, 3.6.2020, lch. 211).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 ón gCoimisiún an 15 Aibreán 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le formheas an stádais saor ó ghalair agus an stádais neamh-vacsaínithe atá ag Ballstát áirithe nó ag criosanna nó urranna díobh i ndáil le galair áirithe liostaithe agus formheas na gclár díothaithe le haghaidh na ngalar liostaithe sin (IO L 131, 16.4.2021, lch. 78).

(4) De bharr na staide eipidéimeolaíche i gcás galair áirithe a bheith ag athrú, is gá iarscríbhinní II, VIII, IX agus XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 a leasú chun Ballstáit nua nó criosanna nua atá saor ó ghalair a liostú agus chun limistéir ar limistéir iad ina ndeimhnítear ráigeanna galair agus dá bhrí sin nach bhfuil na coinníollacha maidir le stádas saor ó ghalair a choinneáil ar bun á gcomhlíonadh acu a thuilleadh a dhíliostú.

(5) Chuir an Spáinn faisnéis faoi bhráid an Choimisiúin lena léirítear i ndáil leis na coinníollacha maidir le stádas saor ó ghalair MTBC a aithint ar coinníollacha iad a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689, go bhfuil na coinníollacha sin á gcomhlíonadh i gcúigí La Coruña, Orense agus Lugo i gComhphobal Uathrialach na Gailíse. Liostaíodh an ceathrú cúige sa Chomhphobal Uathrialach sin, Pontevedra, cheana féin mar chrios atá saor ó MTBC in Iarscríbhinn II, Cuid I, a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620. Dá bhrí sin, ba cheart Pobal Uathrialach na Gailíse ina iomlán a liostú mar chrios atá saor ó MTBC.

(6) Chuir an Spáinn faisnéis faoi bhráid an Choimisiúin lena léirítear i ndáil leis na coinníollacha maidir le stádas saor ó ghalair MTBC a aithint, ar coinníollacha iad a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689, go bhfuil siad á gcomhlíonadh i gComhphobal Uathrialach Principado de Asturias. Dá bhrí sin, tá an Comhphobal Uathrialach sin le liostú mar chrios atá saor ó MTBC.

(7) Thug an Spáinn fógra don Choimisiún maidir le ráig ionfhabhtaithe BTV Séiritíopa 4 i gComhphobal Uathrialach Islas Baleares agus ina dhiaidh sin ráigeanna breise a raibh tionchar acu ar réigiúin Sierra Oriental agus Sierra Occidental i gcúige Huelva, réigiún Sierra Norte i gcúige Sevilla, agus na réigiúin Azuaga, Badajoz, Mérida, Jerez de los Caballeros agus Zafra i gcúige Badajoz. Ós rud é go liostaítear Comhphobal Uathrialach Islas Baleares, na réigiúin Sierra Oriental agus Sierra Occidental i gcúige Huelva, réigiún Cazalla de la Sierra (Sierra Norte) i gcúige Sevilla agus, go hintuigthe mar chuid de Chomhphobal Uathrialach Extremadura, na réigiuin Azuaga, Badajoz, Mérida, Jerez de los Caballeros agus Zafra ar fad mar chriosanna stádais saor ó ghalair in Iarscríbhinn VIII, Cuid I, a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620, ba cheart iad a scriosadh ón liosta sin.

(8) Thug an Phortaingéil fógra don Choimisiún maidir le ráigeanna ionfhabhtaithe BTV Séiritíopa 4 i réigiún Alentejo agus ina dhiaidh sin ráig bhreise i gceantar Santarém i réigiún Lisboa e Vale do Tejo. Ós rud é go n-áirítear Alentejo ina iomláine agus ceantar Santarém, mar chuid den Phortaingéil, go hintuigthe mar limistéir stádais saor ó ghalair in Iarscríbhinn VIII, Cuid I, a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620, ba cheart réigiún Alentejo agus ceantar Santarém a eisiamh ón liosta sin.

(9) Thug an Fhionlainn fógra don Choimisiún maidir le ráig fínithe *Varroa* spp. i mbardasacht Brändö Oileáin Åland. Liostaítear Oileáin Åland mar chrios stádais saor ó ghalair in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620. Chuir an Fhionlainn in iúl don Choimisiún freisin, bunaithe ar imscrúdú eipidéimeolaíoch, nach bhfuil bardasachtaí eile buailte ag an ráig sin. Ba cheart bardasacht Brändö a scriosadh ón liosta de chriosanna atá saor ó ghalair.

(10) Thug an Danmhairg fógra don Choimisiún maidir le ráigeanna den ghalar uisceach Neacróis fhuilghinte ionfhabhtaíoch (IHN) a bhí ann le déanaí i ndobharcheantair Varde Å, agus Kolding Å agus i loch Hove Kalkgrav, ar loch í a ndéantar iascach agus athstocáil uirthi. Faoi láthair, tá na limistéir sin ar áireamh i gcríoch na Danmhairge atá liostaithe mar limistéir saor ó ghalair in Iarscríbhinn XIII, Cuid I, a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620. Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn XIII, Cuid I, a leasú chun na limistéir ionfhabhtaithe sin a eisiamh ó chríoch na Danmhairge atá saor ó ghalair.

(11) Tá an Fhionlainn tar éis clár díothaithe a chur i gcrích go rathúil i gcás IHN lena n-áirítear urrann in Ii, Kuivaniemi, agus ceithre chrios, Virmasvesi, Nilakka, Saarijarvi agus Pielinen, agus dá éis sin rinne sí dearbhú saor ó ghalair i gcomhréir le hAirteagal 83 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689, le haghaidh na hurrainne sin agus na gcriosanna sin. Is iomchuí, dá bhrí sin, nach n-eisiatar iad a thuilleadh ó chríoch saor ó IHN an Bhallstáit sin. Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn XIII, Cuid I, a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 a leasú dá réir.

(12) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinní II, VIII, IX agus XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 a leasú dá réir.

(13) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinní II, VIII, IX agus XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 27 Deireadh Fómhair 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní II, VIII, IX agus XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 mar a leanas:

1. in Iarscríbhinn II, cuid I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an Spáinn:

Ballstát	Críoch
"An Spáinn	Comunidad Autónoma de Canarias Comunidad Autónoma de Galicia Comunidad Autónoma del Principado de Asturias"

;

2. in Iarscríbhinn VIII, cuid I, leasaítear an iontráil a bhaineann leis an Spáinn mar a leanas:

a. scriostar na limistéir seo a leanas:

"Comunidad Autónoma de Islas Baleares", "Cúige Huelva, na réigiúin seo a leanas: Aracena (Sierra Oriental) agus Cortegana (Sierra Occidental)" "Cúige Sevilla, an réigiún seo a leanas: Cazalla de la Sierra (Sierra Norte)" i "gComunidad Autónoma de Andalucía";

b. cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann le Comunidad Autónoma de Extremadura:

"Comunidad Autónoma de Extremadura, seachas na réigiúin seo a leanas: Azuaga, Badajoz, Mérida, Jerez de los Caballeros agus Zafra i gcúige Badajoz";

3. in Iarscríbhinn VIII, cuid I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an bPortaingéil:

Ballstát	Críoch
"An Phortaingéil	An chríoch iomlán, seachas réigiúin Algarve agus Alentejo agus ceantar Santarém i réigiún Lisboa e Vale do Tejo"

;

4. in Iarscríbhinn IX, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an bhFionlainn:

Ballstát	Críoch
"An Fhionlainn	Oileáin Åland, seachas bardasacht Brändö"

;

5. in Iarscríbhinn XIII, Cuid I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an Danmhairg:

Ballstát	Críoch
"An Danmhairg	An chríoch iomlán, seachas an limistéar thart ar Hove Kalkgrav suas le hachar 1 km ó lár na lochanna agus ó dhobharcheantair Rohden Å, Sneum Å, Vida, Lindenborg Å, Arhus Å, Varde Å, Kolding Å"

;

6. in Iarscríbhinn XIII, Cuid I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an bhFionlainn:

Ballstát	Críoch
"An Fhionlainn	An chríoch iomlán, seachas an urrann chósta arb éard atá inti na codanna sin de bhardasachtaí Föglö, Lumparland, Lemland, Vårdö atá laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 11,466 chiliméadar dar lár na gcomhordanáidí WGS84 domhanleithead 60,013565060°, domhanfhad 20,317617393°"

.